



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2024
(OR. en)

5837/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0006(COD)**

**SOC 48
EMPL 31
GENDER 10
MI 86
COMPET 88
DATAPROTECT 46
IA 23
CODEC 173**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Eanáir 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 14 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 14 final.

Faoi iamh: COM(2024) 14 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.1.2024
COM(2024) 14 final

2024/0006 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú
Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe
a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2024) 35 final} - {SWD(2024) 9 final} - {SWD(2024) 10 final} -
{SWD(2024) 11 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Agus saol na hoibre ag athrú go mór agus go leanúnach faoi láthair, ar athrú é atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a shaothrú agus ar theicneolaíochtaí nua a chur ag obair, is féidir le rannpháirtíocht fhóinteach fostaithe agus ionadaithe fostaithe ar gach leibhéal cabhrú le hathruithe a thuar agus a bhainistiú, caillteanais post a laghdú, infhostaitheacht a chothabháil, agus éifeachtaí ar chórais leasa shóisialta agus costais ghaolmhara coigeartaithe a éascú. I ngnóthais nó grúpaí ilnáisiúnta, trí fhostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, is féidir rannchuidiú go mór leis an rannpháirtíocht sin. Chun na críche sin, leagtar síos le Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ ('an Treoir' nó 'Treoir 2009/38/CE') na híoscheanglais maidir le comhlachtaí ionadaíochta fostaithe a chur ar bun agus a oibriú i ngnóthais ilnáisiúnta áirithe, ar comhlachtaí iad ar a dtugtar Comhairlí Oibreacha Eorpacha ('EWCanna'). Cuireann EWCanna agus nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta le nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal náisiúnta.

Is é is aidhm don togra seo dul i ngleic leis na heasnamh sa Treoir, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar éifeachtacht an chreata chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta. Níl tionchar ag an togra seo ar rialacha ná cleachtais an Aontais, ná ar rialacha agus cleachtais náisiúnta, maidir le rannpháirtíocht fostaithe ar an leibhéal náisiúnta.

Dearbhaíodh i meastóireacht 2018 ar an Treoir² an breisluach a ghabhann léi, mar aon leis na feabhsuithe a cuireadh ar cháilíocht agus raon feidhme na faisnéise d'fhostaithe mar thoradh uirthi. Ina theannta sin, sainathiníodh roinnt dúshlán sa mheastóireacht freisin, go príomha gur íseal an méid EWCanna nua a bhunaítear, go bhfuil an comhairliúchán le EWCanna neamhéifeachtach uaireanta, go gcuirtear bacainní ar rochtain EWCanna ar chúirteanna, agus go mbíonn easpa leigheasanna éifeachtacha agus athchomhairleacha i roinnt Ballstát.

Ina [rún](#) reachtach féintionscnaimh 'le moltaí don Choimisiún maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha'³, d'iarr Parlaimint na hEorpa go neartófaí ról agus acmhainneacht EWCanna mar chomhlachtaí um fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail. Tá an gníomh leasaitheach seo i gcomhréir leis an ngealltanas polaitiúil a cuireadh in iúl sna [Treoirínte Polaitiúla](#) a leag an tUachtarán von der Leyen amach chun freagra a thabhairt ar na rúin bunaithe ar Airteagal 225 CFAE trí thogra reachtach, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr.

¹ Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (Athmhúnlú) (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28).

² [COM\(2018\) 292 final](#). Mar fhreagairt ar thorthaí na meastóireachta, ghníomhaigh an Coimisiún trí ghníomhaíochtaí neamhreachta, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail comhpháirtithe sóisialta, lámhleabhar a mholadh do chleachtóirí EWC, agus idirphlé struchtúrtha a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le forfheidhmiú.

³ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (2019/2183(INL)).

Maidir le torthaí na meastóireachta, mar aon leis an mbailiú fianaise a rinneadh ina dhiaidh sin, is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na príomheasnamh seo a leanas:

- Mar thoradh ar dhiólúintí óna raon feidhme, níl feidhm ag an Treoir maidir le thart ar 350 gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail⁴ ina bhfuil comhaontuithe maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta⁵. Fágann sé sin go bhfuil an creat rialála casta agus ilroinnte, rud a chruthaíonn leibhéil éagsúla cosanta d'fhostaithe i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail. Is é is aidhm don togra difríochtaí gan údar a sheachaint maidir le cearta íosta na bhfostaithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta.
- D'fhéadfadh éiginnteacht a bheith ann maidir leis an bpróiseas chun EWCanna a bhunú agus maidir le speansais a chumhdach, ar speansais iad a bhaineann le comhlachtaí caibidlíochta speisialta ('SNBanna') a dhéanann ionadaíocht ar fhostaithe. Thairis sin, i bhformhór na gcásanna, ní gá go mbeadh EWCanna atá cothrom ó thaobh inscne de mar thoradh ar an bpróiseas bunaithe. Is é is aidhm don togra a áirithiú go mbunófar EWCanna ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí atá níos cothroime ó thaobh inscne de.
- I gcásanna áirithe, tá easpa idirphlé iontaofa, tráthúil agus fiúntach idir an bhainistíocht agus EWCanna. Is é sin an cás go háirithe i gcás nach dtugann an bhainistíocht freagra réasúnaithe ar thuairimí EWCanna sula nglactar cinneadh maidir le cúrsaí trasnáisiúnta. Ina theannta sin, bíonn éiginnteacht dhlíthiúil roimh roinnt EWCanna maidir le cumhdach a n-acmhainní agus maidir leis na coinníollacha faoina mbeidh an bhainistíocht in ann a cheangal go ndéileálfar go rúnda le faisnéis nó a dhiúltú d'fhaisnéis áirithe a nochtadh do EWCanna. Is é is aidhm don togra próiseas níos éifeachtaí a áirithiú chun EWCanna a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo, agus chun acmhainní iomchuí a chur ar fáil dóibh.
- Faoin Treoir, ní bhíonn leigheasanna éifeachtacha ná rochtain ar cheartas ag sealbhóirí ceart i gcónaí chun a gcearta a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, is minic nach ngearrtar pionós ar neamhchomhlíontacht i leith ceanglas maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta trí smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach go leor. Is é is aidhm don togra forfheidhmiú níos éifeachtaí na Treorach a chur chun cinn chun comhlíonadh a fheabhsú.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá ceart na n-oibrithe go gcuirfear iad ar an eolas agus go rachfar i gcomhairle leo laistigh den ghnóthas leagtha síos sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 27). Foráiltear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go dtacóidh agus go gcuirfidh an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí na mBallstát a bhaineann le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (Airteagal 153), go gcuirfidh sé idirphlé sóisialta chun cinn idir an bhainistíocht agus oibrithe (Airteagal 151) agus go n-aithníonn sé ról na gcomhpháirtithe sóisialta (Airteagal 152). Luaitear i bPrionsabal 8 de [Cholún Eorpach na](#)

⁴ Úsáidtear an téarma 'gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail' fós chun críocha an togra seo, toisc gur téarma sainmhínithe é i dTreoir 2009/38/CE agus toisc nach gá aon athrú substainteach a dhéanamh ar an sainmhíniú sin.

⁵ De réir aithris 41 de Threoir 2009/38/CE, bhí na díolúintí bunaithe ar an mbreithniú gur cheart a cheadú do chomhaontuithe atá i bhfeidhm leanúint dá n- athchaibidlíocht éigeantach a sheachaint nuair nach mbeadh gá leis sin.

gCeart Sóisialta ‘go bhfuil sé de cheart ag oibrithe nó ag ionadaithe oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo in am trátha maidir le hábhair a bhaineann leo’.

Le blianta fada anuas, forbraíodh creat dlíthiúil an Aontais lena rialaítear oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal náisiúnta. I roinnt teoracha ón Aontas, leagtar amach rialacha maidir le hionadaithe na n-oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Tá forálacha sa Treoir maidir leis an idirghníomhú idir na creataí ar leibhéal éagsúla maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i dteagmháil leo, d’fhonn comhsheasmhacht, comhlántacht, agus sineirgí a áirithiú leis na hionstraimí dlíthiúla éagsúla atá ann cheana. Caomhnaítear na prionsabail sin leis an togra seo. Go háirithe:

- Tá an creat le haghaidh EWCanna gan dochar do na nósanna imeachta chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a bhunaítear le Teoracha 2002/14/CE⁶, 98/59/CE⁷, agus 2001/23/CE⁸ agus do na ceanglais maidir le hionadaithe oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo i gcomhthéacs athstruchtúróir corparáideach faoi Threoir 2004/25/CE⁹, faoi Threoir (AE) 2017/1132¹⁰ agus faoi Threoir (AE) 2019/1023¹¹.
- Ní mór fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal ábhartha bainistíochta agus ionadaíochta, de réir an ábhair atá faoi chaibidil. Chun é sin a bhaint amach, tá inniúlacht EWCanna agus ceanglais Threoir 2009/38/CE teoranta do chúrsaí trasnáisiúnta. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an dealú sin chun coinbhleachtaí inniúlachtaí a chosc, ar coinbhleachtaí iad atá éagsúil ag brath ar an ionstraim: cé go gcuirtear oibleagáid ar an mbainistíocht le Teoracha 98/59/CE, 2001/23/CE agus 2002/14/CE ionadaithe náisiúnta na n-oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ‘d’fhonn teacht ar chomhaontú’ maidir le hábhar i gcomhthéacs caidreamh tionsclaíoch náisiúnta, tá comhairliúchán trasnáisiúnta le EWCanna faoi Threoir 2009/38/CE ‘gan dochar d’fhreagrachtaí na bainistíochta’.
- Le Teoracha 2001/86/CE¹² agus 2003/72/CE¹³, déantar foráil maidir le comhlachtaí ionadaíocha a bhunú le haghaidh oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna trasnáisiúnta i gCuideachtaí Eorpacha (‘SE’) agus

⁶ Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).

⁷ Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát um iomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

⁸ Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cearta na bhfostaithe a choimirciú i gcás aistriú gnóthas nó gnólachtaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnólachtaí (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.).

⁹ Treoir 2004/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le tairiscintí táthcheangail (IO L 142, 30.4.2004, lch. 12).

¹⁰ Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (códú) (IO L 169 30.6.2017, lch. 46).

¹¹ Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúróir coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dicháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúróir, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúróir agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

¹² Treoir 2001/86/CE ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 lena bhforlíontar an Reacht do chuideachta Eorpach (SE) maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO L 294, 10.11.2001, lch. 22).

¹³ Treoir 2003/72/CE ón gComhairle lena bhforlíontar an Reacht do Chomharchumann Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO L 207, 18.8.2003, lch. 25).

Comharchumainn Eorpacha ('SCE'). Eisiatar cur i bhfeidhm Threoir 2009/38/CE maidir le cuideachtaí de na cineálacha sin, chun forluí a sheachaint. Ní athraítear an cur chuige sin leis an tionscnamh seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Déantar foráil sa togra maidir le bearta chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag ionadaithe fostaithe ar cheartas maidir le cearta a bhaineann le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Dá bhrí sin, is féidir leis an ceart chun leigheas éifeachtach a chur chun cinn os comhair binse (Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

Ina theannta sin, tá an togra comhsheasmhach leis an gceart cómhargála (Airteagal 28 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh), toisc go bhfágann sé lánrogha leathan ag comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal cuideachta réitigh iomchuí a chaibidliú le haghaidh oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta ar bhealach éifeachtach. Thairis sin, caomhnaítear leis cumas iomlán na bainistíochta cinntí a dhéanamh go héifeachtach, i gcomhréir leis an tsaoirse fiontraíochta (Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

Tá an raon feidhme maidir le EWCanna a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo faoin Treoir teoranta do 'chúrsaí trasnáisiúnta'. Ní dhéantar cúrsaí trasnáisiúnta a shainiú trí thagairt a dhéanamh d'ábhair nó do shaincheisteanna sonracha, ach trí chumas na gcúrsaí sin difear a dhéanamh d'fhostaithe i roinnt Ballstát. Dá bhrí sin, tá sé de chumas ag EWCanna feabhas a chur ar chur chun feidhme bheartais éagsúla an Aontais i gcuideachtaí ilnáisiúnta, trí fhóram a chur ar fáil le haghaidh idirphlé idir an lárbhainistíocht agus ionadaithe fostaithe. Dá bhrí sin, is féidir sineirgí a bheith ann idir an tionscnamh sin agus aon réimse beartais de chuid an Aontais a bhainfidh tairbhe as rannpháirtíocht éifeachtach EWCanna, go háirithe i gcomhthéacs an dá aistriú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Glacadh an Treoir faoi Airteagal 137 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Sa Chonradh reatha, is é Airteagal 153(1)(e) i gcomhar le hAirteagal 153(2)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí iomchuí le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir. Le hAirteagal 153(1)(e) CFAE tugtar an bunús dlí don Aontas tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus iad a chomhlánú chun feabhas a chur ar nósanna imeachta chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Sa réimse sin, in Airteagal 153(2)(b) CFAE, tugtar de chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle treoracha a ghlacadh – i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach – lena socraítear ceanglais íosta maidir le cur chun feidhme de réir a chéile, ag féachaint do na dálaí agus do na rialacha teicniúla i ngach ceann de na Ballstáit.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir ach le tionscnamh de chuid an Aontais rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta laistigh den Aontas. Maidir leis na dúshlán lena laghdaítear éifeachtacht cheart na n-oibrithe go gcuirfear ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, tá dlúthbhaint acu le cumhdach agus ábhar na n-oibleagáidí faoin Treoir, agus fágann sé sin go mbíonn tionchair ar chuideachtaí agus ar a n-oibrithe ar fud an Aontais. De bharr chineál trasteorann na ngnóthas agus na ngrúpaí laistigh de raon feidhme na Treorach, agus de bharr

chineál trasnáisiúnta na n-ábhar atá faoi réir ceanglais maidir le oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, ní féidir le Ballstáit aonair aghaidh a thabhairt ar easnaimh an chreata reatha ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtach. Dá bhrí sin, ní mór dul i ngleic leis na dúshlán a sainaitníodh ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Leis an Togra seo, leasaítear agus leagtar amach íoscheanglais, agus ar an gcaoi sin áiritheofar go gcoimeádfar an méid idirghabhála is lú is gá chun cuspóirí an togra a bhaint amach. Na Ballstáit a bhfuil forálacha níos fabhraí i bhfeidhm acu cheana ná na forálacha a chuirtear chun cinn sa togra seo, ní bheidh orthu iad a athrú ná a íslíú. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh dul thar na híoschaighdeáin a leagtar amach anseo.

Urramaítear prionsabal na comhréireachta agus cuirtear méid agus cineál na bhfadhbanna sainaitheanta san áireamh. Sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an tionscnamh sin, rinneadh na roghanna beartais a chur i gcomparáid le chéile ó thaobh a gcuid comhréireachta i gcoibhneas leis an mbunlíne.¹⁴ Leis an rogha ab fhearr, baintear cothromaíocht amach idir an gá atá le bearta atá láidir go leor a dhéanamh chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, rud a dhéanann an creat le haghaidh idirphlé sóisialta i gcuideachtaí a threisiú, agus an tráth céanna cineál na hionstraimhe a fhágáil gan athrú agus gan athrú a dhéanamh ar fhorálacha na Teorach a bhí éifeachtach roimhe seo.

- **An rogha ionstraimhe**

Ceadaítear leis an mbunús dlí ábhartha íoscheanglais cheangailteacha a ghlacadh i bhfoirm Teoracha amháin. Breithníodh ionstraimí neamhcheangailteacha freisin, amhail teachtaireacht ón gCoimisiún lena soláthraítear treoir léirmhínteach nó moltaí ón gCoimisiún maidir le forfheidhmiú ag na Ballstáit. Mar sin féin, measadh nach raibh na roghanna malartacha sin chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil agus a bhí athbhreithniú spriocdhírthe ar an Treoir.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

D'fhoilsigh an Coimisiún [meastóireacht](#) ar an Treoir in 2018. Dearbhaíodh sa mheastóireacht go raibh breisluach AE ag gabháil leis an Treoir, mar aon leis na feabhsuithe a cuireadh ar cháilíocht agus raon feidhme na faisnéise d'fhostaithe mar thoradh ar an Treoir. Mheas na páirtithe leasmhara uile go raibh an Treoir ábhartha, agus chuir na comhpháirtithe sóisialta in iúl go raibh gá le hidirphlé trasnáisiúnta. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nach bhforchuirtear leis an Treoir oibleagáidí riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla a bheadh ina n-ualach míréasúnta ar chuideachtaí.

Mar sin féin, fuarthas amach sa mheastóireacht freisin nach mbíonn an comhairliúchán le EWCanna éifeachtach i gcónaí, go mbíonn bacainní roimh EWCanna maidir le rochtain ar chúirteanna i roinnt Ballstát, agus go bhfuil easpa leigheasanna éifeachtacha, mar aon le smachtbhannaí éifeachtacha agus athchomhairleacha, i roinnt Ballstát.¹⁵ Mar fhreagairt air sin,

¹⁴ SWD(2024)xxx, roinn 7.4.

¹⁵ SWD(2018)187, lch. 15

ghníomhaigh an Coimisiún trí ghníomhaíochtaí neamhrechtacha: tacaíocht leanúnach airgeadais a chur ar fáil do thionscadail na gcomhpháirtithe sóisialta, lámhleabhar a mholadh do chleachtóirí EWC,¹⁶ agus dul i mbun idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit maidir le forfheidhmiú.¹⁷ Níor réitigh na ghníomhaíochtaí sin na dúshlán a sainaithníodh.

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

I gcomhréir le hAirteagal 154 CFAE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha ag an gcéad céim agus ag an dara céim chun a dtuairimí a lorg maidir leis an ngá atá le ghníomhaíocht an Aontais agus an ghníomhaíocht sin a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann le hoibriú EWCanna, ar an gcéad dul síos, agus ina dhiaidh sin, maidir le hábhar an togra atá beartaithe. D'fhreagair ceithre eagraíocht ceardchumann agus ocht n-eagraíocht fostóirí na comhairliúcháin ag an [gcéad](#) céim agus an [dara](#) céim. I gcomhthéacs an chomhairliúcháin ag an dara céim, chuir eagraíochtaí na bhfostóirí in iúl go bhfuil siad réidh le páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht chun teacht ar chomhaontú faoi Airteagal 155 CFAE; níor chuir eagraíochtaí na bhfostaithe, seachas Bainisteoirí Eorpacha CEC, é sin in iúl.

Áitíonn eagraíochtaí fostóirí i gcoinne an athraithe sin den chuid is mó. Dar leo, tá an Treoir oiriúnach dá feidhm agus tugann siad rabhadh i gcoinne ualach rialála breise a chur ar chuideachtaí. Go sonrach:

- Measann ceardchumann go n-eascraíonn éagothroime iomaíochta agus castacht dhlíthiúil as na díolúintí ó raon feidhme na Treorach agus gur cheart deireadh a chur leo. Áitíonn eagraíochtaí fostóirí gur iomchuí na díolúintí a choinneáil, agus béim á leagan acu ar neamhspleáchas na bpáirtithe agus ar an ngá atá le socruithe dea-fheidhmiúla atá ann cheana maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a chaomhnú.
- Maidir leis an bpróiseas chun EWCanna nua a chur ar bun, ní rud neamhchoitianta é go gcuirfeadh an lárbhainistíocht moill ar thús na caibidlíochta, dar leis na ceardchumann. Ina theannta sin, cuireann na ceardchumann in iúl go láidir gur gá acmhainní agus tacaíocht iomchuí a áirithiú ó shaineolaithe aitheanta de chuid na gceardchumann sa phróiseas. Cuireann eagraíochtaí fostóirí in iúl go bhfuil bunú EWCanna ag feidhmiú go sásúil.
- Aithníonn páirtithe leasmhara ón dá thaobh den chaidreamh tionsclaíoch an tsaincheist maidir le comhdhéanamh inscne éagothrom EWCanna, go háirithe i dtionscail ina mbíonn níos mó fear ag obair de ghnáth, amhail monaraíocht agus foirgníocht, áit ar bunaíodh an chuid is mó de EWCanna. Mar sin féin, cuireann siad in iúl go bhfuil inní orthu maidir le hindéantacht phraiticiúil cuóta ceangailteach a chur chun feidhme chun cothromaíocht inscne a áirithiú.
- Maidir le feidhmiú praiticiúil an chreata maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, measann na ceardchumann nach n-áirithítear leis an Treoir soiléireacht dhlíthiúil leordhóthanach maidir le ceanglais

¹⁶ Cuireadh an obair ar an lámhleabhar ar fionraí i mí Aibreáin 2019, nuair a dhiúltaigh eagraíochtaí ceardchumann ar leibhéal an Aontais páirt a ghlacadh i ngrúpa saineolaithe, rud a rannchuideodh leis an obair sin.

¹⁷ Thionóil seirbhísí an Choimisiúin cruinniú le saineolaithe na mBallstát agus díriodh ar fhorfheidhmiú agus ar smachtbhannaí in 2019, agus seoladh nós imeachta um shárú a bhaineann le córas forfheidhmiúcháin na hÉireann in 2022, imeacht atá fós ar siúl faoi láthair.

riachtanacha i ndáil le dul i gcomhairle le hoibrithe, amhail raon feidhme na gcúrsaí trasnáisiúnta agus an gá atá le hobair leantach chuí a dhéanamh ar thuairimí EWC a áirithiú. Dá réir sin, tacaíonn na ceardchumainn le bearta ceangailteacha chun na ceanglais sin a shoiléiriú agus a leathnú. Thairis sin, luann siad gur minic a chuireann an bhainistíocht an oibleagáid rúndachta i bhfeidhm go hiomarcach, agus áitíonn siad nach n-áirithítear acmhainní leordhóthanacha do EWCanna (lena n-íocfar comhairle saineolaithe, oiliúint, nó costais dlí). I gcodarsnacht leis sin, measann eagraíochtaí fostóirí go bhfuil coincheap reatha na gcúrsaí trasnáisiúnta oiriúnach dá fheidhm agus nach spreagann sé díospóidí i gcleachtas a théann níos faide ná mar a bheifí ag dréim leis go réasúnach i suíomh corparáideach. Luaitear iontu go ndéantar foráil cheana i roinnt comhaontuithe EWC maidir le tréimhsí ama sonracha chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, mar aon le freagairt fhoirmiúil ón mbainistíocht ar thuairimí EWC. Cuireann fostóirí i bhfios go láidir gur gá costais bhreise a sheachaint, agus iad ag iarraidh go maolófaí ualaí riaracháin agus airgeadais ar ghnóthais trí chruinnithe EWC ar líne a chur chun cinn.

- Maidir le smachtbhannaí agus leigheasanna, measann ceardchumainn go bhfuil rochtain neamhleor ag EWCanna ar cheartas i roinnt Ballstát agus nach n-áirithítear forfheidhmiú éifeachtach leis an Treoir. Iarrann siad forálacha níos déine lena n-áirítear tairseacha sonracha le haghaidh smachtbhannaí airgid suas le 4 % den láimhdeachas domhanda, mar aon le hurghairí chun cinntí bainistíochta a chur ar fionraí. I gcodarsnacht leis sin, cuireann fostóirí in iúl gur leor na rialacha atá ann cheana, agus áitíonn siad nach easpa rochtana ar an gceartas is cúis leis an líon teoranta cásanna cúirte ach is é an chuid is mó de na EWCanna a bheith ag feidhmiú go sásúil is cúis leis. Tugann siad rabhadh i gcoinne smachtbhannaí díréireacha, mar aon leis an mbaol go gcuirfí moill ar chinnteoireacht cuideachtaí.

I gcomhthráth leis an gcomhairliúchán foirmiúil leis na comhpháirtithe sóisialta, ar comhairliúchán é atá bunaithe ar na Conarthaí, rinneadh gníomhaíochtaí forleathana comhairliúcháin i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta,¹⁸ ar staidéar é inar bailíodh léargais ó ghrúpa éagsúil páirtithe leasmhara, ina measc, an lucht ceaptha beartas, ionadaithe EWC, bainistíocht ó ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail, agus saineolaithe dlíthiúla agus acadúla freisin. I measc na ngníomhaíochtaí sin, bhí:

- suirbhé spriocdhírithe ar líne le haghaidh na bainistíochta agus ionadaithe fostaithe i gcuideachtaí a bhfuil EWCanna acu;
- agallaimh leathstruchtúrtha le páirtithe leasmhara;
- ceardlanna bailithe fianaise leis an mbainistíocht agus le hionadaithe fostaithe.

Dearbháidh sna gníomhaíochtaí sin den chuid is mó an t-ionchur a fuarthas le linn an chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta agus fuarthas tuilleadh faisnéise mionsonraithe a chuir leis an bhfadhb a shainithint agus roghanna beartais a mheasúnú.

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán poiblí maidir leis an tionscnamh seo. I bhfianaise go bhfuil na saincheistean agus na roghanna ábhartha sonracha agus teicniúil, ní féidir leis an tionscnamh tuairimí an phobail i gcoitinne a bhailiú. Tá an tionscnamh ábhartha do na páirtithe leasmhara amháin, ar páirtithe leasmhara iad a ndírítear orthu leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin a bhfuil cur síos déanta orthu i míreanna thuas, ach tá na tionchair indéreacha

¹⁸ Staidéar ICF(2023) ina ndéantar iniúchadh ar shaincheistean agus ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis an Treoir Athmhúnlaithe 2009/38/CE maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha.

ar pháirtithe leasmhara eile nó ar an bpobal i gcoitinne ról le bheith curtha san áireamh i gcomhairliúchán poiblí ginearálta ar bhealach fiúntach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuireadh roinnt staidéar a rinne saineolaithe seachtracha san áireamh sa mheasúnú tionchair: an [staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht ar an Treoir](#), an staidéar nua bailithe fianaise a thacaíonn leis an measúnú tionchair, athbhreithnithe comparáideacha dlíthiúla ar fhorálacha náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir, agus [cás-staidéir](#) ina ndéantar iniúchadh ar dhúshláin agus réitigh maidir le EWCanna. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le saineolas a bhailiú agus a úsáid, féach Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an measúnú tionchair. Déantar tagairt sa mheasúnú tionchair d'fhoinse eolaíocha breise.

Ina theannta sin, cuireadh san áireamh [rún 2021 ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Daonlathas ag an Obair](#) agus [rún reachtach féintionscnaimh 2023 maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha](#), i gcomhar leis an [Measúnú Breisluacha Eorpaigh](#) ábhartha ó sheirbhís taighde na Parlaiminte.

Ina theannta sin, bhíodas in ann tacú leis an measúnú tionchair trí bhailiúcháin *ad hoc* sonraí ó [Eurostat](#) agus ETUI (ó [Bhunachar Sonraí EWC ETUI](#) agus ó [shuirbhé ETUI 2018](#) ar ionadaithe EWC agus SEWC).

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an togra,¹⁹ rud a pléadh leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) an 19 Samhain 2022. D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach le tuairimí,²⁰ ar tuairimí iad ar tuagadh aghaidh orthu sna doiciméid seo a leanas:

- cuspóirí an tionscnaimh agus na roghanna beartais a shoiléiriú, go háirithe an t-idirghníomhú idir na cuspóirí agus na roghanna beartais sin agus rialacha eile náisiúnta agus rialacha eile de chuid an Aontais maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo;
- an measúnú comhréireachta agus an measúnú ar chostais agus ar thairbhí a neartú, lena n-áirítear tionchair ar an iomaíochas;
- raonta costas comhiomlán a d'fhéadfadh a bheith ann a fhorbairt bunaithe ar chásanna hipitéiseacha maidir le ráta cruthaithe EWCanna i ngnóthais atá díolmhaithe faoi láthair, an gá atá le comhaontuithe atá ann cheana a athchaibidliú chun na híoscheanglais athbhreithnithe a chur san áireamh, agus na méaduithe imeallacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar chostais oibriúcháin EWCanna mar thoradh ar an tionscnamh;
- na teorainneacha agus éiginnteachtaí sonraí a bhfuil tionchar acu ar láidreacht na hanailíse a aithint roimh ré.

San anailís, díriodh ar bhearta substainteacha beartais a mheastar go mbeadh tionchar suntasach acu ar pháirtithe leasmhara chun measúnú tionchair comhréireach agus spriocdhírith a áirithiú. Sainaithníodh soiléirithe agus mionchoigeartuithe ar Threoir 2009/38/CE mar bhearta tacaíochta, agus ní dhearnadh measúnú orthu ar bhonn aonair. Glactar leis go ginearálta go dtreiseofar tionchair na roghanna le bearta tacaíochta gan tionchar suntasach neamhspleách a bheith acu.

¹⁹ SWD(2024)xxx. Féach an bhileog achoimre [\[Nasc le cur isteach\]](#)

²⁰ [\[Nasc chuig tuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála\]](#)

Bunaithe ar an anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar thionchair, meastar go mbeidh na príomhthairbhí seo a leanas ag baint leis an rogha beartais ab fhearr:

- Na 678 ngnóthas a bhfuil comhaontuithe gníomhacha EWC acu faoi láthair agus thart ar 11,3 milliún fostaí atá ag obair san Aontas dóibh, mar aon le páirtithe i gcomhaontuithe EWC a bheidh ann amach anseo, rachaidh soiléireacht mhéadaithe maidir leis na ceanglais dhlíthiúla chun tairbhe dóibh, rud a mheastar go laghdóidh sé an riosca a bhaineann le díospóidí agus costais ghaolmhara.
- Trí dhíolúintí a bhaint de raon feidhme na Treorach, agus maidir le thart ar 5,4 milliún fostaí AE/LEE (agus a n-ionadaithe) nó bainistíocht na ngnóthas atá díolmhaithe faoi láthair a bhfuil ‘comhaontuithe deonacha’ acu (323), thabharfaí an ceart dóibh iarraidh a dhéanamh ar EWC a bhunú chun tairbhiú de chur i bhfeidhm comhionann ceart agus oibleagáidí íosta atá in-fhorfheidhmithe faoi dhlí an Aontais. In éineacht leis an mbainistíocht, d’fhéadfaidís a roghnú, de rogha air sin, comhaontuithe deonacha dea-fheidhmiúla a chaomhnú. I gcomhthéacs iarrataí ar EWC nua a bhunú, bheadh sé soiléir go mbeadh ionadaithe fostaithe i dteideal a gcostais dlí réasúnta a chumhdach agus bheadh níos mó deimhneachta dlíthiúla acu maidir leis an oibleagáid atá ar an mbainistíocht caibidlíocht a thionscnamh laistigh de 6 mhí. Ina theannta sin, bhainfeadh an lucht saothair i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail tairbhe as cothromaíocht inscne níos fearr in EWCanna, rud a mheastar a bheith ina rannchuidiú le cinntí corparáideacha níos cothroime a dhéanamh agus go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar fheidhmíocht fhoriomlán na ngnóthas.
- Le linn an phróisis chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, i gcás EWCanna nach bhfuil, trí fhoráil chomhfhreagrach ina gcomhaontú leis an mbainistíocht, i dteideal go fóill freagairt réasúnaithe thráthúil a fháil ón lucht bainistíochta ar a dtuairim, gheobhaidís an ceart sin. Cuideoidh sé sin leo dul i mbun idirphlé iontaofa leis an lárbhainistíocht maidir le cúrsaí trasnáisiúnta. Éascaítear an t-idirphlé sin freisin le soiléirithe ar an gcoincheap fíor-riachtanach ‘cúrsaí trasnáisiúnta’, ar coincheap é sin lena sainítear raon feidhme gníomhaíochtaí EWCanna i dtaca le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, agus le coinníollacha níos soiléire le haghaidh oibleagáidí rúndachta a iarraidh. Maidir le EWCanna, SNBanna agus ionadaithe fostaithe nach bhfuil leigheasanna éifeachtacha acu faoi láthair chun a gcearta uile faoin Treoir a fhorfheidhmiú, chuirfí feabhas ar an rochtain ar cheartas mar thoradh ar an tionscnamh.

Leis an méadú ar éifeachtacht agus ar cháilíocht an idirphlé shóisialta thrasnáisiúnta i ngnóthais a fheidhmíonn ar leibhéal an Chomhphobail, d’fhéadfadh cuideachtaí a bheith in ann cinnteoireacht straitéiseach níos eolaí a dhéanamh agus d’atreiseofaí an mhuinín fhrithpháirteach idir an bhainistíocht agus oibrithe, rud a bhféadfadh tionchair dhearfacha ar an iomaíochas a bheith mar thoradh air. Mar sin féin, tá éiginnteacht ag baint leis na tionchais sin agus ní féidir – in éagmais fianaise láidir – iad a mheas go hiontaofa, i bhfianaise na hidirghníomhaíochta idir rannpháirtíocht fostaithe ar an leibhéal náisiúnta agus trasnáisiúnta, mar aon le cineál neamhcheangailteach thuairimí EWCanna.

Bheadh na costais seo a leanas ag baint leis an rogha ab fhearr:

- Sna ngnóthais atá díolmhaithe faoi láthair a bhfuil ‘comhaontuithe deonacha’ acu, d’fhéadfadh an lárbhainistíocht caibidlíocht a thionscnamh maidir le EWC nua, nó bheadh uirthi caibidlíocht a thionscnamh, dá n-iarrfadh na fostaithe amhlaidh i gcomhréir leis an Treoir. Meastar gurb é thart ar EUR 148 000 in aghaidh na

caibidlíochta na meánchostais aonuaire a bhaineann le comhaontú nua EWC a chaibidliú. Go ginearálta, le linn caibidlíocht nó athchaibidlíocht a bhaineann le SNB, beidh ceangal dlíthiúil ar ghnóthais costais dlí réasúnta – mar aon le costais eile a thabhaítear le linn na céime bunaithe – a chumhdach freisin. I gcás inar gá chun comhaontuithe EWC atá ann cheana a ailíniú leis na ceanglais athbhreithnithe (e.g., chun aghaidh a thabhairt ar chumhdach speansas EWCanna le haghaidh comhairle dhlíthiúil nó shaineolach agus oiliúna), bheadh ar an lárbhainistíocht dul i mbun athchaibidlíochta.²¹ Mar sin féin, i líon substaintiúil cásanna, d'fhéadfadh coinne a bheith leis go ndéanfaí na hoiriúnuithe is gá ar chomhaontuithe EWC mar chuid d'athchaibidlíocht rialta, a tharlaíonn gach 5 bliana ar an meán, oiriúnuithe nach mbeadh aon chostas breise i gceist leo nó nach mbeadh ach costais bhreise an-teoranta i gceist leo i gcomparáid leis an gcás bunlíne. D'fhéadfadh gnóthais a bheith thíos le méadú imeallach ar na costais bhliantúla athfhillteacha a bhaineann le EWC a reáchtáil freisin (is é sin thart ar EUR 300 000 ar an meán in aghaidh na bliana in aghaidh an EWC faoin gcás bunlíne), mar shampla i ndáil leis an oibleagáid freagairt réasúnaithe a thabhairt don EWC, na soiléirithe a beartaíodh maidir leis na costais dhlíthiúla a chumhdach.²² Ar deireadh, i gcásanna ina sárófaí oibleagáidí, bheadh an baol ann do ghnóthais go ngearrfaí pionóis airgeadais níos airde orthu. Meastar, áfach, nach mbeidh mórán díospóidí dlíthiúla ann agus nach mbeidh gá le mórán pionós a chur i bhfeidhm, agus bheadh pionóis faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

- Agus comparáid á déanamh idir na costais aonaid inchainníochtaithe agus láimhdeachas na ngnóthas ábhartha agus na treochtaí réamh-mheasta á gcur san áireamh, meastar go mbeidh costais eacnamaíocha na rogha ab fhearr diomaibhseach agus go bhfanfaidh siad mar sin.²³

Ós rud é go bhfuil gnóthais a bhfuil EWCanna acu comhchruinnithe go príomha in earnálacha an mhiotail, na seirbhísí, na gceimiceán, na tógála, an bhia, na talmhaíochta agus na turasóireachta, tiocfaidh na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha shainaitheanta chun cinn sna hearnálacha sin go príomha freisin. Thairis sin, mar gheall ar dháileadh geografach cheanncheathrú na ngnóthas sin²⁴, bunaíodh an chuid is mó de EWCanna faoi dhlíthe náisiúnta seacht mBallstát, eadhon an Ghearmáin, an Fhrainc, an tSualainn, an Ísiltír, Éire agus an Iodáil. Mar sin féin, bheadh tionchar ag na roghanna beartais ar fhostaithe ar fud na mBallstát uile ina bhfuil an gnóthas ag oibriú, toisc gurb iad EWCanna a dhéanann ionadaíocht orthu.

²¹ Ní fhéadfaí meánchostais athchaibidlíochta a chainníochtú go hiontaofa. Tugtar le fios san fhianaise go bhfuil próiseas athchaibidlithe níos giorra ná an próiseas chun EWC nua a bhunú, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt cruinnithe i gcásanna casta freisin. Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, bhíodhas in ann luach airgid a chur ar chostais áirithe a bhaineann le cruinnithe idir an lucht bainistíochta agus ionadaithe EWC chun comhaontuithe atá ann cheana a athchaibidliú (thart ar EUR 18 400 in aghaidh an chruinnithe).

²² Chun tuilleadh mínithe a fháil ar na himthosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na costais oibriúcháin a bhaineann le EWCanna, féach lch. 30 *et seq.* agus Iarscríbhinn 12 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an tioncnamh sin (SWD...).

²³ Féach Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an measúnú tionchair.

²⁴ Déanann EWCanna ionadaíocht ar fhostaithe Eorpacha i gcuideachta ilnáisiúnta, cibé acu atá a gceanncheathrú lonnaithe laistigh den Aontas nó lasmuigh de. Má tá ceanncheathrú na gcuideachtaí lonnaithe lasmuigh den Aontas, ní mór EWCanna a bhunú faoi dhlínse Ballstáit AE/LEE. Tá an líon is mó EWCanna lonnaithe i gcuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrú lonnaithe sna tíortha seo a leanas: US (170), DE (124), FR (102), UK (92), SE (69), NL (58), IT (38), FI (37), BE (36), JP (31).

Ní bheidh aon tionchar ábhartha ná intuatha ag an tionscnamh ar thomhaltóirí, FBManna,²⁵ ná an comhshaol.²⁶

Rinneadh comparáid idir éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, agus comhréireacht na roghanna beartais a bhaineann leis an gcuspóir beartais céanna, agus a dtionchar á chur san áireamh, chun an rogha is fearr a shainaithint, agus na comhbhabhtálacha riachtanacha idir cineálacha éagsúla cur chuige á gcur san áireamh.

Tugtar tuairisc i roinn 5 den mheasúnú tionchair agus in Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an measúnú tionchaira ghabhann leis an tionscnamh seo, ar bhearta malartacha a breithníodh sa mheasúnú tionchair, ar measadh nach raibh siad chomh héifeachtach, chomh héifeachtúil, chomh comhleanúnach agus chomh comhréireach sin ar an iomlán agus, dá bhrí sin, nach gcoinnítear mar chuid den rogha ab fhearr iad.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

- (a) Deimhníodh i meastóireacht 2018 nach bhforchuirtear leis na híoscheanglais a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE aon oibleagáid a bheadh ina hualach míréasúnta ar chuideachtaí. Trí chreat nós imeachta a leagan síos chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, cuireann an Treoir ar a gcumas do na comhpháirtithe sóisialta teacht ar chomhaontú maidir le réitigh iomchuí i bhfianaise a riachtanas sonrach agus a gcúinsí sonracha. Mar shampla, féadfaidh páirtithe i gcomhaontuithe EWC úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí TFC chun oibrithe a chur ar an eolas nó dul i gcomhairle leo agus a roghnú, mar shampla, bogearraí cruinnithe ar líne, uirlisí aistriúcháin uathoibríocha, nó uirlisí tras-scríofa uathoibríocha caint-go-téacs a úsáid chun costais a shábháil agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach. Ina theannta sin, tá an tsaoirse acu teacht ar chomhaontú maidir le córais shimplithe teanga le haghaidh chruinnithe EWC chun costais na hateangaireachta comhuainí a laghdú. Ar ndóigh, ní fhorchuirtear leis an Treoir aon bhuiséad sonrach chun speansais EWCanna a chumhdach, lena n-áirítear speansais le haghaidh comhairle shaineolach nó oiliúna, ach leagtar amach sa Treoir go bhfuil oibleagáid ghinearálta ar an gcuideachta a áirithiú go mbeidh na hacmhainní a theastaíonn ón EWC chun na cearta a eascraíonn as an Treoir a chur i bhfeidhm.

Agus an bhunlíne sin curtha san áireamh, tá teorainn leis an raon feidhme chun an t-ualach a laghdú tríd an tionscnamh sin. Mar a luadh thuas, ní chruthófar tríd an tionscnamh ach costais dhiomaibhseacha do ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail, i gcomhréir lena láimhdeachas, agus ginfear tríd an tionscnamh tairbhí eacnamaíocha féideart ha – ar tairbhí neamh-chainníochtúla iad – a bhaineann le hidirphlé sóisialta ar chaighdeán níos fearr. Mar sin féin,

²⁵ I bhfianaise na dtairseach a leagtar amach sa sainmhíniú ar ‘gnóthais ar leibhéal an Chomhphobail’ sa Treoir athmhúnlaithé, níl feidhm ag na ceanglais faoin Treoir maidir le FBManna. Féach Iarscríbhinn 12, roinn 1 den mheasúnú tionchair chun mínithe a fháil ar an bhfáth nach bhfuil aon tionchar indíreach intuatha ar FBManna.

²⁶ Cé go bhféadfadh sé go dtiocfadh méadú ar astaíochtaí carbóin mar gheall ar an leasú atá beartaithe ar cheanglais choimhdeacha chun dhá chruinniú iomlánacha bhliantúla a thionól seachas cruinniú amháin, ar astaíochtaí iad a bhaineann leis an taisteal chuig cruinnithe ar an láthair, meastar nach mbeidh an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an mbeart sin ar an gcomhshaol suntasach, toisc go bhfuil líon beag EWCanna faoi réir ceanglais choimhdeacha. Ina theannta sin, leis an gceanglas maidir le formáid na gcrúinnithe a shonrú i gcomhaontuithe EWC, d’fhéadfaí comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun breithniú níos córasaí a dhéanamh ar chruinnithe ar líne, rud a bhféadfadh laghdú astaíochtaí áirithe a bheith mar thoradh air. Táthar in ann cruinnithe a thionól go cianda cheana faoi na rialacha reatha má aontaíonn na páirtithe é sin a dhéanamh. Féach roinn 1 d’Iarscríbhinn 12 a ghabhann leis an measúnú tionchair chun míniú mionsonraithe a fháil ar na cúiseanna sin.

breithníodh an gá le costais agus ualaí riaracháin a theorannú do ghnóthais, i gcomhréir leis na hábhair inni a chuir eagraíochtaí gnó in iúl i gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta, le linn dhearadh na mbeart agus mheasúnú na mbeart, agus ba chuid den réasúnaíocht é maidir le roghanna a aischur amhail oibleagáid aon speansas dlí arna thabhu ag EWC a chistiú, gan teorainn.

Ní chruthaítear leis an togra aon chostas comhlíonta do FBManna, toisc nach mbeadh feidhm ag na bearta beartais atá beartaithe maidir le FBManna agus toisc nach bhfuil aon éifeacht indéach ar FBManna intuartha.

- **Ceartha bunúsacha**

Trí fheabhas a chur ar éifeachtacht an chreata um oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, neartófaí leis an togra ceart bunúsach oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo laistigh den ghnóthas (Airteagal 27 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). I gcomhréir leis an gceart chun cómhargála (Airteagal 28 den Chairt), coinnítear leis an togra prionsabal neamhspleáchas na bpáirtithe, ar dá bhun is faoi ionadaithe fostaithe agus faoi bhainistíocht an ghnóthais cineál, comhdhéanamh, feidhm, modh oibríochta, nósanna imeachta, agus acmhainní airgeadais EWCanna a chinneadh ionas go n-oirfidh siad dá n-imthosca ar leith féin. Cuirfear comhionannas idir mná agus fir chun cinn (Airteagal 23 den Chairt) trí chuspóirí a thabhairt isteach le haghaidh comhdhéanamh EWCanna atá cothrom ó thaobh inscne de. Ina theannta sin, threiseofaí leis an togra an ceart chun leighis éifeachtaigh (Airteagal 47 den Chairt) i gcoinne sárúithe ar chearta faoi Threoir 2009/38/CE. Go hindéach, d'fhéadfaí éifeachtaí dearfacha ar dhálaí oibre a bhaint amach, i gcomhréir leis an gceart atá ag oibrithe dálaí oibre a bheith acu lena ndéantar a sláinte, a sábháilteacht agus a ndínt á n-urramú (Airteagal 31 den Chairt). Ina theannta sin, tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an tsaoirse fiontraíochta (Airteagal 16 den Chairt), toisc go gcaomhnaítear leis cumas na bainistíochta cinntí a dhéanamh go héifeachtach agus go seachnaítear leis ualach míchuí ar ghnóthais.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní éilítear acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh le haghaidh an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá sé de cheangal ar na Ballstáit na leasuithe ar Threoir 2009/38/CE a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta laistigh de bhliain amháin ó theacht i bhfeidhm na treorach leasaithe atá beartaithe. Chuirfí cur i bhfeidhm na gceanglas athbhreithnithe siar dhá bhliain chun am leordhóthanach a thabhairt do pháirtithe i gcomhaontuithe EWC oiriúnuithe a chaibidlíú, i gcás inar gá.

Déanfar faireachán ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach le sraith de phríomhtháscairí a bhaineann leis na cuspóirí beartais. Sonraítear na táscairí sin agus na foinsí sonraí gaolmhara in Iarscríbhinn 13 a ghabhann leis an measúnú tionchair.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Mar chuid den phróiseas trasuímh, beidh sé de cheangal ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na modhanna lenar féidir le EWCanna, SNBanna, agus ionadaithe fostaithe imeachtaí breithiúnacha, agus i gcás inarb infheidhme, imeachtaí riaracháin a thionscnamh i

ndáil le gach ceann de na cearta faoi Threoir 2009/38/CE. Ina theannta sin, tá feidhm ag na rialacha ginearálta a bhaineann le trasuí na dTreoracha. Go sonrach, ní mór do na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur ar fáil maidir leis na bearta lena dtrasuitear an togra.²⁷ Chun an oibleagáid sin maidir le deimhneacht dhlíthiúil a chomhlíonadh agus chun a áirithiú go ndéanfar forálacha na treorach leasaithí atá beartaithe a thrasuí ina n-iomláine ar fud a críche, ceanglaítear ar na Ballstáit an fhoráil náisiúnta nó na forálacha náisiúnta lena n-áirithítear trasuí na Treorach a shonrú i gcás gach forála di.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasuithe ar choincheap na gcúrsaí trasnáisiúnta (Airteagal 1(4) de Threoir 2009/38/CE)

Chun coincheap na gcúrsaí trasnáisiúnta a shoiléiriú, leagtar síos toimhde trasnáisiúntachta lena gcumhdaítear ní hamháin cásanna inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanadh bearta a ndéanann an bhainistíocht breithniú orthu difear d'oibrithe i níos mó ná Ballstát amháin, ach i gcásanna inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanadh na bearta sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin, agus inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanadh iarmhairtí na mbeart sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin eile ar a laghad, mar a leagtar amach faoi láthair in Aithris 16 den Treoir. Is é is aidhm don soiléiriú spriocdhírthe aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht atá ann faoi láthair agus an baol a bhaineann le díospóidí a laghdú, agus an tráth céanna an t-idirdhealú ó chúrsaí náisiúnta a choinneáil ionas nach mbeidh nósanna imeachta chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ag teacht salach ar a chéile.

Leasuithe ar na sainmhínte ar 'fostaithe a chur ar an eolas' agus 'dul i gcomhairle le fostaithe' (Airteagal 2(1)(f) agus (g) agus Airteagal 9 de Threoir 2009/38/CE; pointe 1(a), an tríú fómhír d'Iarscríbhinn 1)

Ní hamháin go sonraítear brí na dtéarmaí sin chun críocha Threoir 2009/38/CE sna sainmhínte atá ann cheana ar 'fostaithe a chur ar an eolas' agus ar 'dul i gcomhairle le fostaithe', ach áirítear ceanglais normatacha iontu freisin. I gcomhréir leis na rialacha maidir leis an reachtaíocht a dhréachtú, agus ar mhaithe leis an gcomhleanúnachas agus an tsoiléireacht dhlíthiúil, leagfar síos na ceanglais sin in Airteagal 9. Baineann na hathruithe substainteacha leis na ceanglais chomhairliúcháin: Sonrófar in Airteagal 9 go gcuirfear ar a gcumas d'ionadaithe fostaithe tuairim a thabhairt sula nglacfar an cinneadh agus nach mór don lárbhainistíocht freagra réasúnaithe i scríbhinn a sheoladh i leith an chinnidh sin sula nglacfaidh an lárbhainistíocht a cinneadh maidir leis an mbeart atá beartaithe. Déanfar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE a oiriúnú dá réir.

Leasuithe a bhaineann le bunú, comhdhéanamh, agus acmhainní SNBanna (Airteagal 5 agus Airteagal 7 de Threoir 2009/38/CE, agus pointe 5 agus pointe 6, an fhomhír dheireanach, d'Iarscríbhinn 1)

In Airteagal 5(2)(b) de Threoir 2009/38/CE, cuirtear ceanglas isteach chun comhaltaí SNB a thoghadh nó a cheapadh ar bhealach lena bhféachfar le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(6), soiléirítear go gcuirfear costais réasúnacha SNB maidir le cúnamh dlíthiúil, ionadaíocht dhlíthiúil, agus imeachtaí dlíthiúla san áireamh sna speansais a bhaineann leis an gcaibidlíocht, ar speansais iad a mbeidh ar an lárbhainistíocht iad a íoc. Thairis sin, scriostar an abairt dheireanach d'Airteagal 5(6), an dara

²⁷ Cf breithiúnas an 8 Iúil 2019, An Coimisiún v an Pholainn, [C-543/17](#), ECLI:EU:C:2019:573 mír 59.

fomhír toisc nach gá tagairt a dhéanamh do rogha na mBallstát an cistiú a theorannú chun saineolaí amháin a chumhdach, ós rud é go luaitear cheana sa chéad abairt den fhomhír chéanna go bhfuil sé de cheart ag na Ballstáit rialacha buiséadacha a leagan síos maidir le hoibriú SNB, i gcomhréir leis an bprionsabal nach mór don lárbhainistíocht costais a bhaineann le stiúradh iomchuí fheidhmeanna SNB a íoc. Ar deireadh, soiléirítear Airteagal 7(1), an dara fleasc, trí thagairt a dhéanamh don chás nach ndéantar an chéad chruinniú SNB a thionól, seachas tagairt a dhéanamh do dhiúltú na lárbhainistíochta tús a chur le caibidlíocht.

Leasuithe a bhaineann le hábhar comhaontuithe EWC, atá le caibidlíú ag na páirtithe (Airteagal 6(2) de Threoir 2009/38/CE)

Maidir leis na Páirtithe i gcomhaontuithe EWC, ceanglófar orthu na hacmhainní airgeadais agus ábhair a shonrú, ar acmhainní iad atá le leithdháileadh ar EWCanna i ndáil le húsáid saineolaithe, costais dlí agus oiliúint ar a laghad. Thairis sin, déanfaidh siad formáid cruinnithe EWC a shonrú freisin, agus d'fhéadfadh cruinnithe fíorúla a bheith i gceist leis na cruinnithe sin má chomhaontaíonn na páirtithe amhlaidh. Maidir leis na ceanglais nua a bhfuil feidhm acu maidir le hacmhainní airgeadais agus ábhair, mar aon le formáid cruinnithe EWC, tá feidhm acu maidir le comhaontuithe EWC atá ann cheana freisin, ar comhaontuithe a bhféadfadh sé gur ghá iad a oiriúnú dá réir chun feabhas a chur ar éifeachtach EWCanna atá ann cheana. Déantar foráil maidir leis sin i bhfomhír nua in Airteagal 6(2). Le linn na hidirthréimhse, ba cheart do na páirtithe i gcomhaontuithe EWC atá ann cheana a fhíorú an gcomhlíonann na comhaontuithe sin ceanglais athbhreithnithe na Treorach seo agus, murab amhlaidh an cás, iad a athchaibidlíú chun an riosca a bhaineann le díospóidí dlíthiúla a sheachaint nuair a bheidh feidhm ag na ceanglais athbhreithnithe. Mura n-éireoidh leis an athchaibidlíocht sin, beidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a ghabhann leis an Treoir.

Leasuithe a bhaineann le comhdhéanamh EWCanna atá cothrom ó thaobh inscne de (Airteagal 6(2) de Threoir 2009/38/CE)

Agus caibidlíocht i leith comhaontuithe nua EWC, nó comhaontuithe atá ann cheana, á déanamh ag na páirtithe, ceanglófar orthu le mír nua d'Airteagal 6(2) de Threoir 2009/38/CE na socruithe is gá a leagan síos chun, a mhéid is féidir, cothromaíocht inscne a bhaint amach i ndáil le comhdhéanamh an EWC agus, i gcás inarb infheidhme, comhdhéanamh an roghchoiste. Leagtar amach an cuspóir sin leis an sprioc 40 % de shuíocháin ar an EWC – nó suíocháin an roghchoiste – a leithdháileadh ar chomhaltaí de cheachtar den dá inscne. Léirítear an cuspóir céanna in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE maidir le EWCanna nuabhunaithe bunaithe ar cheanglais choimhdeacha. I bhfianaise chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíocht dhearfach²⁸, tá feidhm ag an sprioc 40 % ar choinníoll go mbeidh sé indéanta go dlíthiúil agus go fíorasach agus go bhfuil sí gan dochar do na dlíthe náisiúnta maidir le hionadaithe fostaithe a thoghadh.

Leasuithe a bhaineann le líon chruinnithe iomlánacha EWCanna bunaithe ar cheanglais choimhdeacha (pointe 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE)

Beidh gá le dhá chruinniú iomlánacha – seachas cruinniú amháin – idir EWCanna agus an lárbhainistíocht in aghaidh na bliana chun na ceanglais choimhdeacha athbhreithnithe a chomhlíonadh.

²⁸ Cf. Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Márta 2000, *Badeck agus Eile*, [C-158/97](#), ECLI:EU:C:2000:163.

Leasuithe a bhaineann le cruinnithe urghnácha EWCanna bunaithe ar cheanglais choimhdeacha (pointe 3, an chéad fhomhír agus an dara fhomhír d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE)

Déantar foclaíocht na gceanglas coimhdeach a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE a oiriúnú chun a shoiléiriú, ar an gcéad dul síos, gur cheart, i bprionsabal, EWCanna a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo bunaithe ar na ceanglais sin ag na cruinnithe iomlánacha, más féidir, agus ag cruinnithe urghnácha, i gcás ina bhfuil práinn ag baint leis sin, agus sa chás sin amháin. Ar an dara dul síos, soiléirítear go bhfuil faisnéis le soláthar go tráthuil, agus ar an tríú dul síos, go bhfuil sé de cheart ag comhaltaí EWC páirt a ghlacadh i gcruinnithe urghnácha leis an roghchoiste má dhéanann siad ionadaíocht ar fhostaithe a bhféadfadh baint dhíreach a bheith acu le hábhar na gcruinnithe sin.

Leasuithe a bhaineann leis na hacmhainní atá ar fáil do EWCanna bunaithe ar cheanglais choimhdeacha (pointe 5 agus pointe 6 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE)

I bpointe 5 d'Iarscríbhinn 1, soiléirítear go bhféadfar ionadaithe ceardchumann a áireamh sna saineolaithe a chabhraíonn le EWCanna nó le roghchoistí bunaithe ar cheanglais choimhdeacha, agus go gceadófar do shaineolaithe den sórt sin, arna iarraidh sin do EWC nó don roghchoiste, a bheith i láthair ag cruinnithe i gcáil chomhairleach. I bpointe 6 d'Iarscríbhinn 1, soiléirítear go gcuirfear costais dlí réasúnta san áireamh i speansais oibriúcháin EWCanna, ar speansais iad a mbeidh ar an lárbhainistíocht iad a íoc, agus nach mór go gcuirfear an lárbhainistíocht ar an eolas fúthu roimh ré. Thairis sin, san fhomhír dheireanach de phointe 6 d'Iarscríbhinn 1, scriostar an dara habairt mar thoradh ar na cúiseanna a mhínítear thuas i ndáil le hAirteagal 5(6) de Threoir 2009/38/CE.

Leasuithe a bhaineann le faisnéis rúnda a úsáid nó gan í a neamh-tharchur (Airteagal 8 de Threoir 2009/38/CE)

I ndáil leis na forálacha maidir le tarchur faisnéise atá faoi rún agus maidir le neamh-tharchur faisnéise áirithe, leagtar síos iad in Airteagail ar leith chun struchtúr níos soiléire a áirithiú. Ina theannta sin, agus faisnéis á cur ar fáil faoi rún, ní mór don lárbhainistíocht comhaltaí SNB, comhaltaí EWC, nó ionadaithe fostaithe a chur ar an eolas faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo leo, ag an am céanna, faoi na cúiseanna a thugann údar leis an bhfaisnéis a chomhroinnt ar bhealach rúnda. Ní bheidh oibleagáid ann a thuilleadh gan faisnéis rúnda a nochtadh tráth a bheidh, i gcomhaontú leis an mbainistíocht, an t-údar a thug an bhainistíocht imithe i léig. Thairis sin, beidh an deis atá ag an lárbhainistíocht gan faisnéis a tharchur teoranta do chásanna ina ndéanadh a tarchur dochar tromchúiseach d'fheidhmiú an ghnóthais. I gcás den sórt sin, ní mór don lárbhainistíocht comhaltaí EWC, comhaltaí SNB, nó ionadaithe fostaithe a chur ar an eolas faoi na cúiseanna lena dtugtar údar le neamh-tharchur faisnéise.

Leasuithe a bhaineann le ról agus cosaint ionadaithe fostaithe (Airteagal 10 de Threoir 2009/38/CE)

Déantar Airteagal 10(1) de Threoir 2009/38/CE a oiriúnú chun a shoiléiriú nach iad comhaltaí EWC amháin, ach ionadaithe fostaithe, lena n-áirítear comhaltaí SNB agus ionadaithe EWC freisin ba cheart a bheith in ann na cearta a eascraíonn as an Treoir sin a chur i bhfeidhm. In Airteagal 10(2), soiléirítear nach mór an ceart agus na modhanna is gá a bheith ag comhaltaí EWC chun ionadaithe fostaithe ábhartha a chur ar an eolas faoin nós imeachta maidir chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta roimh na cruinnithe leis an lárbhainistíocht agus i ndiaidh na gcruinnithe sin. Ina theannta sin,

soiléirítear in Airteagal 10(3), an dara fomhír, go bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le cosaint choibhéiseach a thabhairt do shealbhóirí ceart faoi Threoir 2009/38/CE maidir leis an gcosaint i gcoinne frithbheart nó dífhostaithe. Ar deireadh, soiléirítear in Airteagal 10(4) nach mór don lárbhainistíocht na costais agus na speansais a íoc, ar costais agus speansais iad a bhaineann leis an oiliúint is gá chun dualgaís ionadaíocha comhaltaí EWC agus SNB a fheidhmiú, agus nach mór an lárbhainistíocht a chur ar an eolas fúthu roimh ré.

Leasuithe a bhaineann le pionóis agus rochtain ar cheartas (Airteagal 11 de Threoir 2009/38/CE)

Leagfar síos in Airteagal 11 de Threoir 2009/38/CE oibleagáid na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha – rud atá luaite in aithris 36 de Threoir 2009/38/CE anois trí thagairt do phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ceanglófar ar na Ballstáit, agus smachtbhannaí á gcinneadh acu, tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona a chur san áireamh, agus i gcás smachtbhannaí airgid, cuirfear méid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar forchuireadh smachtbhannaí air san áireamh (mar shampla, a láimhdeachas bliantúil), mar aon le critéir ábhartha eile. Cuirtear foráil isteach sa mhír chéanna lena gceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na smachtbhannaí airgid is lú i ndáil le sáruithe ar na nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a leagtar amach in Airteagal 9(2) agus (3). Ní chuireann sé sin cosc orthu cineálacha eile smachtbhannaí a choinneáil nó a thabhairt isteach sa bhreis air sin. In Airteagal 11(3), cuirfear isteach tagairt do chomhaltaí EWC agus SNB sa chéad fhomhír, toisc go bhfuil an fhoráil sin ábhartha do na comhaltaí sin agus d'ionadaithe fostaithe. Sa mhír chéanna, soiléirítear freisin i ndáil leis an bhfad a mhairfidh an nós imeachta achomhairc is infheidhme nuair a éilíonn an lárbhainistíocht rúndacht nó nuair nach dtugann sí faisnéis, ba cheart an fad sin a bheith i gcomhréir le feidhmiú éifeachtach na gceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo faoi Threoir 2009/38/CE. Thairis sin, cuirtear foráil nua le hAirteagal 11 chun a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta éigeantacha um réiteach malartach roimh ré a d'fhéadfadh a bheith ann faoin dlí náisiúnta gan dochar do rochtain ar cheartas i ndáil leis na cearta faoi Threoir 2009/38/CE.

Deireadh a chur le díolúintí agus socruithe chun comhaontuithe atá ann cheana a oiriúnú do na ceanglais athbhreithnithe (Airteagal 14 de Threoir 2009/38/CE)

Scriostar Airteagal 14 de Threoir 2009/38/CE, agus cuirtear deireadh le díolúintí ó raon feidhme Threoir 2009/38/CE. Dá bhrí sin, fostaithe agus ionadaithe fostaithe de ghnóthais nó de ghrúpaí ar leibhéal an Chomhphobail a raibh comhaontuithe acu maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta sula ndearnadh Treoir 94/45/CE a thrasú ('comhaontuithe deonacha'), beidh siad i dteideal a gcomhaontuithe reatha a choinneáil ar bun nó, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Threoir 2009/38/CE, bunú EWC nó nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a iarraidh, d'fhonn teacht in ionad comhaontuithe a rinneadh roimhe seo. Beidh gnóthais a bhfuil comhaontuithe acu, ar comhaontuithe iad a síníodh nó a athbhreithníodh idir an 5 Meitheamh 2009 agus an 5 Meitheamh 2011, faoi réir na n-oibleagáidí athbhreithnithe a eascraíonn as Treoir 2009/38/CE.

Foráiltear le foráil nua in Airteagal 14a go ndéanfar comhaontuithe atá ann cheana agus a tugadh i gcrích faoi Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Threoir 94/45/CE, nó faoi Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Threoir 2009/38/CE, a oiriúnú do cheanglais athbhreithnithe Threoir 2009/38/CE. Tugtar an deis do pháirtithe i gcomhaontuithe den sórt sin na hoiriúnuithe is gá a chaibidlíú le linn na tréimhse dhá bhliain idir an sprioc-am chun na

leasuithe ar Threoir 2009/38/CE a thrasú agus an dáta óna mbeidh feidhm ag na ceanglais athbhreithnithe faoin dlí náisiúnta. Níl feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha sin maidir le ‘comhaontuithe deonacha’ a thugtar i gcrích agus a chuirtear ag oibriú lasmuigh de raon feidhme na Treorach. Déantar cur síos thuas ar na hiarmhairtí do ghnóthais a bhfuil comhaontuithe den sórt sin acu, maidir le deireadh a chur leis na díolúintí.

Trasú agus teacht i bhfeidhm (Airteagal 2 den togra)

Déanfaidh na Ballstáit na leasuithe ar Threoir 2009/38/CE a thrasú laistigh de bhliain amháin ó theacht i bhfeidhm an togra. Tá cur i bhfeidhm na mbeart trasuite le cur siar dhá bhliain tar éis an sprioc-am chun an Treoir a thrasú.

Ag féachaint do na forálacha lena leasaítear Airteagal 11 de Threoir 2009/38/CE, tá sé de cheangal ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoin gcaoi ar féidir le sealbhóirí ceart imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh ina ndlínsí, agus i gcás inarb infheidhme, imeachtaí riaracháin a thionscnamh ina ndlínsí, i ndáil leis na cearta uile faoi Threoir 2009/38/CE.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (e), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 27 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór a ráthú go gcuirfear oibrithe nó a n-ionadaithe ar an eolas agus go rachfar i gcomhairle leo in am trátha, ar gach leibhéal iomchuí, agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta. Athdhearbhaítear le Prionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta go bhfuil an ceart ag oibrithe nó ag ionadaithe oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo maidir le hábhair a bhaineann leo.
- (2) Maidir le cúrsaí trasnáisiúnta, féachann Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ le héifeacht phraiticiúil a thabhairt do na bunphrionsabail sin trí íoscheanglais a leagan síos maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, ar fostaithe iad atá i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail.
- (3) Deimhníodh i meastóireacht ar Threoir 2009/38/CE a foilsíodh in 2018⁴ breisluch agus ábharthacht na Treorach sin i bprionsabal, ach sainithníodh ann freisin easnaimh

¹ IO L , , lch. .

² IO L , , lch. .

³ Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/38/oj>).

⁴ [COM\(2018\) 292 final](#).

maidir le, mar shampla, éifeachtacht an phróisis chomhairliúcháin, rochtain ar cheartas, smachtbhannaí, agus léirmhíniú coincheap áirithe.

- (4) In 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), rún reachtach féintionscnaimh ina raibh moltaí maidir le hathbhreithniú ar Threoir 2009/38/CE⁵, agus thug an Coimisiún faoi chomhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leis an ngá atá leis na bearta, mar aon leis an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar easnaimh na treorach sin trí ábhar na mbeart. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún fianaise trí staidéar ina ndearnadh suirbhé spriocdhírthe ar líne, agallaimh le páirtithe leasmhara, ceardlanna, anailís ar chásdlí náisiúnta agus ar fhorálacha ábhartha i ndlíthe náisiúnta na mBallstát.
- (5) Léirítear san fhianaise go bhfuil difríochtaí sa léirmhíniú agus i ndíospóidí mar thoradh ar an éiginnteacht dhlíthiúil maidir le coincheap na gcúrsaí trasnáisiúnta. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an baol a bhaineann le díospóidí den sórt sin a laghdú, tá gá leis an gcoincheap sin a shoiléiriú. Chuige sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart a chumhdach leis an Treoir sin, ní hamháin cásanna inar féidir a coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanadh bearta a ndéanann an bhainistíocht breithniú orthu difear d'fhostaithe i níos mó ná Ballstát amháin, ach i gcásanna inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanadh na bearta sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin freisin, ach gur féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanadh iarmhairtí na mbeart sin difear d'oibrithe i mBallstát amháin eile ar a laghad. Tá sé sin riachtanach chun cásanna a chumhdach ina mbeartaíonn gnóthais bearta, amhail dífhostú agus iomarcaíocht, lena ndírítear go sainráite ar bhunaíochtaí i mBallstát amháin, ach inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta, mar sin féin, go mbeidh iarmhairtí acu a dhéanadh difear d'fhostaithe i mBallstát eile, mar shampla mar gheall ar athruithe ar an slabhra soláthair trasteorann nó ar ghníomhaíochtaí táirgthe, i gcás ina bhféadfadh athruithe suntasacha ar eagrú na hoibre nó ar chaidreamh conarthach a bheith ann mar thoradh ar bhearta den sórt sin.
- (6) Áirítear ceanglais normatacha sna sainmhínithe ar 'fostaithe a chur ar an eolas' agus 'dul i gcomhairle le fostaithe' i dTreoir 2009/38/CE. Ar mhaithe leis an gcomhleanúnachas agus an tsoiléireacht dhlíthiúil, is iomchuí na forálacha normatacha sin a leagan síos sna hairteagail lena leagtar síos cearta agus oibleagáidí mar sin.
- (7) D'fhéadfadh comhairle dlí nó ionadaíocht dhlíthiúil a bheith ag teastáil ó chomhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta chun na cúraimí atá orthu a dhéanamh faoi Threoir 2009/38/CE. Mar sin féin, níl sé soiléir go leor go bhfuil siad i dteideal go n-íocfar na táillí dlíthiúla gaolmhara dóibh. D'fhonn cumhdach den sórt sin a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go n-íocfaidh an lár bhainistíocht as na costais arna dtabhú ag comhalta de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, agus ba cheart don chomhalta sin an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi na costais roimh ré. Is iomchuí an oibleagáid sin a theorannú do chostais dlí réasúnta chun a áirithiú nach mbeidh an bhainistíocht faoi dhliteanas maidir le costais atá go hiomlán díreireach, ar costais nach bhfuil nasc cuí acu le soláthar comhairle nó ionadaíochta dlí ábhartha, nó costais a bhaineann le héilimh ar follasach go bhfuil siad gan bhunús, atá suaibhreasach, nó cráiteach. Thairis sin, le Treoir 2009/38/CE, tugtar lánrogha do na Ballstáit rialacha buiséadacha a

⁵

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (2019/2183(INL)).

leagan síos maidir le feidhmiú comhlachta speisialta caibidlíochta agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha bunaithe ar cheanglais choimhdeacha, ag féachaint don phrionsabal nach mór don lárbhainistíocht na costais a bhaineann le stiúradh iomchuí fheidhmeanna an bhoird speisialta caibidlíochta íoc. Dá bhrí sin, tá na forálacha lena dtagraítear do líon na saineolaithe atá le cistiú ag an lárbhainistíocht iomarcach, agus ba cheart iad a scriosadh.

- (8) Le Treoir 2009/38/CE, ceanglaítear ar na páirtithe i gcomhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha ionad chruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha a chinneadh. Ina theannta sin, is iomchuí a shonrú go gcinntfidh siad formáid na gcruinnithe sin, go háirithe chun aon amhras a sheachaint faoina saoirse teacht ar chomhaontú go dtionólfai cuid de na cruinnithe nó na cruinnithe go léir i dtimpeallacht fhíorúil, trí úsáid a bhaint as uirlisí cruinnithe ar líne, rud a dhéanfaidh lorg comhshaoil cruinnithe a laghdú i gcomhréir le spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais, mar aon leis na spriocanna náisiúnta agus le spriocanna cuideachtaí, agus an tráth céanna a áirithiú go gcuirfear fostaithe ar an eolas agus go rachfar i gcomhairle leo go fóinteach ar chostais chomhshaoil agus airgeadais níos ísle.
- (9) D'fhéadfadh éiginnteacht agus díospóidí a bheith ann maidir le costais áirithe a chumhdach agus maidir le rochtain a fháil ar acmhainní áirithe le linn fheidhmiú na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. I gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas na bpáirtithe, is iomchuí a cheangal go ndéanfar cineálacha áirithe acmhainní airgeadais agus ábhair a chinneadh go sonrach i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha, eadhon an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as saineolaithe – amhail saineolaithe teicniúla ábhair nó saineolaithe dlí – mar aon le táillí saineolaithe agus costais dlí a íoc, lena n-áirítear costais ionadaíochta dlíthiúla agus costais a bhaineann le páirt a ghlacadh in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha. Ina theannta sin, ba cheart aghaidh a thabhairt sna comhaontuithe ar oiliúint ábhartha a chur ar fáil do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, agus ar speansais ghaolmhara a chumhdach, gan dochar don íoscheanglas in Airteagal 10(4) de Threoir 2009/38/CE.
- (10) Maidir leis an gceanglas i dTreoir 2009/38/CE go gcuirfí san áireamh, i gcás inar féidir, an gá atá le hionadaíocht chothrom fostaithe o thaobh a n-inscne de agus comhdhéanamh na gComhairlí Oibreacha Eorpacha á chinneadh, is neamhleor é chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn. Tá mná fós faoi ghannionadaíocht i bhformhór na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. Dá bhrí sin, is gá cuspóirí níos éifeachtaí agus níos sonraí a leagan síos maidir le hionadaíocht inscne, ar cuspóirí iad a bheidh le cur chun feidhme ag an mbainistíocht agus ionadaithe fostaithe nuair a bheidh a gcomhaontuithe á gcaibidliú nó á n-athchaibidliú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá i gcásanna áirithe le tosaíocht a thabhairt don inscne tearcionadaithe nuair a dhéantar an Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó a roghchoiste a chomhdhéanamh. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh⁶, is féidir gníomhaíocht dhearfach den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná, ar choinníoll nach dtugtar tosaíocht go huathoibríoch agus gan choinníoll do dhaoine d'inscne áirithe trí na bearta a dhéantar chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, ach gur féidir critéir eile a chur san áireamh, amhail tuillteanais agus cáilíochtaí, mar aon leis an nós imeachta toghcháin arna bhunú leis na dlíthe ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na páirtithe i gcomhaontuithe na Comhairle Oibreacha

⁶ Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Márta 2000, *Badeck agus Eile*, C-158/97, ECLI:EU:C:2000:163.

Eorpacha chun na srianta dlíthiúla agus fíorasacha ar an ngníomhaíocht dhearfach a urramú. Ina theannta sin, i gcás breithnithe comhchosúla, is iomchuí céimeanna a éileamh chun comhdhéanamh an chomhlachta speisialta caibidlíochta a bheidh cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, chun an cuspóir sin a chur chun cinn cheana le linn chéim na caibidlíochta.

- (11) Léirítear san fhianaise go gcuirtear moill uaireanta ar thionscnamh na caibidlíochta thar an tréimhse sé mhí a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE. I gcásanna áirithe, ní ghlacann an bhainistíocht céimeanna ná ní dhiúltaíonn sí go sainráite tús a chur le caibidlíocht tar éis iarraidh go ndéanfar Comhairle Oibreacha Eorpacha a bhunú. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú go mbeidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar síos i dTreoir 2009/38/CE i gcás nach dtionóltar an chéad chruinniú den chomhlacht caibidlíochta speisialta laistigh de sé mhí tar éis na hiarrata ar Chomhairle Oibreacha Eorpacha a bhunú, gan beann ar cibé acu a dhiúltaíonn nó nach ndiúltaíonn an lárbhainistíocht tús a chur leis an gcaibidlíocht go sainráite.
- (12) Agus faisnéis íogair á comhroinnt le comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, is féidir leis mbainistíocht foráil a dhéanamh go roinnfear an fhaisnéis ar bhealach rúnda agus nár cheart í a nochtadh a thuilleadh. Agus faisnéis á comhroinnt ar bhealach rúnda, ba cheart ceangal a chur ar an lárbhainistíocht údar réasúnta a chur ar fáil ag an am céanna. Trí shocrúithe leordhóthanacha a chur ar bun chun rúndacht faisnéise íogaire a chosaint, féadfar muinín a chothú agus comhroinnt na faisnéise sin a éascú, agus leasanna gnó agus oibrithe á gcosaint, lena n-áirítear rioscaí atá ag dul i méid amhail spaireacht thionsclaíoch a sheachaint.
- (13) Maidir leis an deis a bhíonn ag an lárbhainistíocht gan faisnéis a tharchur chuig comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta, chuig comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó chuig ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, ba cheart go ndéanfar é sin a theorannú do chásanna ina ndéanfaidh an tarchur sin dochar tromchúiseach d'fheidhmiú na ngnóthas lena mbaineann. Ina theannta sin, ar chúiseanna trédhearcachta agus sásaimh éifeachtaigh, ba cheart a cheangal ar an lárbhainistíocht na cúiseanna lena dtugtar údar le neamh-tharchur faisnéise a shonrú.
- (14) D'fhonn an tsoiléireacht dhlíthiúil a mhéadú, is iomchuí na forálacha a leagan síos maidir le tarchur faisnéise atá faoi rún agus maidir le neamh-tharchur faisnéise in dhá Airteagal ar leith. Ina theannta sin, an fhoráil atá ann cheana lena gceadaítear do Bhallstáit rialacha ar leith a leagan síos do ghnóthais, ar ghnóthais iad a bhfuil aidhm na treoraíochta idé-eolaíochta á saothrú acu, ba cheart í sin a aistriú go dtí an tAirteagal maidir leis an mbaint le forálacha náisiúnta eile, toisc go mbaineann sí le cur chun feidhme cheanglais Threoir 2009/38/CE ar bhonn níos leithne.
- (15) Chun dul i gcomhairle le fostaithe ar bhonn trasnáisiúnta agus ar bhonn éifeachtach, teastaíonn fíor-idirphlé idir an lárbhainistíocht agus Comhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Tugtar le tuiscint leis sin gur gá fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhealach lena gcuirfí ar a gcumas d'ionadaithe oibrithe a dtuairim a chur in iúl sula nglacfar an cinneadh agus nach mór freagra réasúnaithe a fháil ón lárbhainistíocht maidir le tuairimí arna n-eisiúint ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha nó ag ionadaithe fostaithe sula nglacfaidh an lárbhainistíocht a cinneadh

maidir leis an mbeart atá beartaithe lena mbaineann. Ba cheart ceanglas sainráite chuige sin a leagan síos i dTreoir 2009/38/CE chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

- (16) I ndáil le forálacha Threoir 2009/38/CE maidir le ról agus cosaint ionadaithe fostaithe, ba cheart iad a leasú freisin chun soiléireacht agus cruinneas a mhéadú, go háirithe maidir le comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta agus comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha a chosaint ar fhrithbhearta nó ar dhífhostú. Chun díospóidí a sheachaint, ba cheart a shonrú freisin go n-íocfaidh an lárbhainistíocht as na costais a bhaineann le hoiliúint chomhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus oiliúint chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, mar aon le costais ghaolmhara eile, atá riachtanach chun a ndualgaís a fheidhmiú, i gcás ina gcuirtear an bhainistíocht ar an eolas faoi na costais sin roimh ré.
- (17) I mBallstáit áirithe, bíonn deacrachtaí ag sealbhóirí ceart faoi Threoir 2009/38/CE caingne dlí a thionscnamh chun a gcearta a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, is gá oibleagáid na mBallstát a neartú maidir le leigheasanna éifeachtacha agus rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú agus maidir le maoirseacht an Choimisiúin agus an oibleagáid sin á comhlíonadh acu. Chun na críche sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit go gcuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis na himthosca faoinar féidir le sealbhóirí ceart nósanna imeachta breithiúnacha, agus i gcás inarb infheidhme, nósanna imeachta riaracháin a thionscnamh i ndáil lena gceart uile faoin Treoir sin. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú nach mór forfheidhmiú tráthúil agus éifeachtach a chumasú leis na nósanna imeachta ábhartha, agus nach féidir cinneadh atá ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann a dhéanamh mar thoradh ar nósanna imeachta um réiteach malartach roimh ré d'fhéadfadh a bheith ann, ná dochar a dhéanamh do cheart sealbhóirí ceart imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.
- (18) Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún in 2018 ar Threoir 2009/38/CE gur minic nach mbíonn na smachtbhannaí is infheidhme i gcás neamhchomhlíontacht ceanglas maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta athchomhairleach go leor. Dá bhrí sin, is iomchuí go leagtar síos oibleagáid na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha, agus comhréireacha. Ba cheart foráil a dhéanamh do smachtbhannaí airgid i gcás nach gcomhlíontar na nósanna imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a leagtar amach i dTreoir 2009/38/CE. Ina theannta sin, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh do chineálacha eile smachtbhannaí. Ba cheart smachtbhannaí airgid a chinneadh, agus méid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar scála an Chomhphobail á gcur san áireamh, – mar shampla, bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil – agus ar aon tosca ábhartha eile – amhail tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona –ionas go mbeidh siad éifeachtach, athchomhairleach, agus comhréireach.
- (19) Maidir le gnóthais a bhfuil comhaontú acu maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta, ar comhaontú é a tugadh i gcrích roimh an 23 Meán Fómhair 1996, is é sin le rá roimh dháta chur i bhfeidhm Threoir 94/45/CE⁷ ón gComhairle, tá na gnóthais sin díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2009/38/CE. Maidir leis na comhlachtaí chun

⁷ Treoir 2009/45/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 1994 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 254, 30.9.2009, lch. 64, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1994/45/oj>).

fostaithe a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo, ar comhlachtaí iad a bunaíodh faoi chomhaontaithe den sórt sin, tugadh i gcrích iad agus leanann siad de bheith ag oibriú lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais. Maidir le Treoir 2009/38/CE, ní féidir le fhostaithe sna gnóthais dhíolmhaithe iarraidh orthu go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpach faoin Treoir sin. Mar sin féin, agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, cóir chomhionann, agus éifeachtacht, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh sé de cheart ag fhostaithe agus ag ionadaithe fostaithe i ngach gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail, nó i ngach grúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail, a iarraidh go mbunófaí Comhairle Oibreacha Eorpacha. Beagnach 30 bliain tar éis creat reachtach a bhunú lena leagtar síos íoscheanglais den chéad uair ar leibhéal an Aontais maidir le fhostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta, tá forlámhas ag na cúiseanna sin ar bhreithnithe leanúnachais maidir le comhaontuithe a bhí ann cheana, agus ba iad na cúiseanna sin a spreag an díolúine ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine sin a scriosadh.

- (20) Thairis sin, chun na breithnithe céanna a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith ag na híoscheanglais chéanna maidir le gach gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail a bhfuil Comhairlí Oibreacha Eorpacha acu a fheidhmíonn faoi Threoir 2009/38/CE agus maidir leis na gnóthais sin inar síníodh nó inar athbhreithníodh comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha idir an 5 Meitheamh 2009 agus an 5 Meitheamh 2011. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine na ngnóthas deiridh sin ó chur i bhfeidhm Threoir 2009/38/CE a scriosadh freisin.
- (21) Tá sé de cheart ag Comhairlí Oibreacha Eorpacha a fheidhmíonn bunaithe ar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE bualadh leis an lárbhainistíocht uair sa bhliain, chun go gcuirfear ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo maidir le dul chun cinn ghnó an ghnóthais ábhartha ar leibhéal an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail, agus maidir lena bhfuil i ndán don ghnóthas. Maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáidiúnta, chun an próiseas sin a neartú, is iomchuí líon na gcruinnithe iomlánacha bliantúla sin sna ceanglais choimhdeacha a mhéadú go dhá chruinniú.
- (22) Ina theannta sin, ba cheart athruithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2009/38/CE, chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na téarmaí achtúcháin.
- (23) Dá bhrí sin, is iomchuí Treoir 2009/38/CE a leasú chun gach gnóthas incháilithe a thabhairt faoina raon feidhme, chun roinnt de phríomhchoincheapa na Treorach sin a shoiléiriú, chun feabhas a chur ar an bpróiseas chun fhostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar bhonn trasnáisiúnta, agus chun sásamh agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú.
- (24) I gcásanna áirithe, comhaontuithe ó Chomhairlí Oibreacha Eorpacha atá ann cheana ná comhaontuithe maidir le nósanna imeachta chun fhostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, a tugadh i gcrích faoi Threoir 94/45/CE nó faoi Threoir 2009/38/CE roimh theacht i bhfeidhm na mbeart a ghlac na Ballstáit chun an Treoir sin a thrasú, d'fhéadfadh sé nach mbeidís i gcomhréir leis na ceanglais athbhreithnithe. Dá bhrí sin, is iomchuí socruithe idirthréimhseacha a leagan amach lena gcuirfear ar a gcumas do na páirtithe sna comhaontuithe sin oiriúnuithe a chaibidlíú roimh dháta chur i bhfeidhm na mbeart trasuímh.
- (25) Is é cuspóir foriomlán na Treorach seo éifeachtacht cheanglais Threoir 2009/38/CE a áirithiú maidir le fhostaithe i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus fhostaithe i

ngrupaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo. Ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a bhaint amach go leordhóthanach gan tacaíocht, ach mar gheall ar chineál trasnáisiúnta agus scála na gceanglas sin, is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

- (26) De bhun Airteagal 27 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, beidh daoine faoi mhíchumas in ann a gcearta saothair agus ceardchumainn a fheidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile. Ós rud é go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún sin, tá Treoir 2009/38/CE agus reachtaíocht náisiúnta ábhartha le léirmhíniú i gcomhréir leis an bprionsabal sin, mar shampla maidir le hinrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta do chomhaltaí comhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, agus ionadaithe fostaithe a fheidhmíonn a bhfeidhmeanna, mar aon leis an lárbhainistíocht a bheith ag íoc as na costais ghaolmhara.
- (27) I gcomhréir le hAirteagal 30(3) agus Airteagal 42(1) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, Airteagal 18(2) agus Airteagal 71(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, agus Airteagal 36(2) agus Airteagal 88(1) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, ní mór do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú i bhfeidhmiú conarthaí poiblí go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus dhlí an tsaothair arna mbunú le dlí an Aontais. Ba cheart cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas faoin Treoir sin a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, trí chomhtháthú na gcritéar inbhuanaitheachta sóisialta sna critéir dhámhachtana arna ndearadh ag eintitis chonarthacha a dhéanann na tairiscintí is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Mar sin féin, ní chruthaítear aon oibleagáid bhreise leis an Treoir seo i ndáil leis na Treoracha sin.
- (28) Chun a ndóthain ama a thabhairt d'ionadaithe fostaithe agus don lárbhainistíocht i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail, nó i ngrupaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail, chun na híoscceanglais athbhreithnithe a mheas agus chun ullmhú dá gcur i bhfeidhm, tá sé iomchuí cur i bhfeidhm na bhforálacha arna nglacadh ag na Ballstáit chun an Treoir seo a chomhlíonadh a chur siar dhá bhliain,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2009/38/CE mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

⁸ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

⁹ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

¹⁰ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

‘4. Measfar cúrsaí a bheith ina gcúrsaí trasnáisiúnta i gcás inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go mbainfidh na cúrsaí sin leis an ngnóthas ar leibhéal an Chomhphobail nó leis an ngrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail ina iomláine, nó le dhá ghnóthas nó dhá bhunaíocht ar a laghad de chuid an ghnóthais nó de chuid an ghrúpa atá in dhá Bhallstát éagsúla.

Measfar na coinníollacha sin a bheith comhlíonta sna cásanna seo a leanas:

(a) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfaidh na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail difear d’oibrithe i ngnóthais nó i mbunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin;

(b) is féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfaidh na bearta arna mbreithniú ag bainistíocht an ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail, nó an ghrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail, difear d’oibrithe i ngnóthas nó i mbunaíocht i mBallstát amháin, agus inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go ndéanfaidh iarmhairtí na mbeart sin difear d’oibrithe i ngnóthas nó i mbunaíocht i mBallstát eile.’;

(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):

‘(f) ciallaíonn ‘fostaithe a chur ar an eolas’ tarchur sonraí ag an bhfostóir chuig ionadaithe fostaithe chun é a chur ar a gcumas dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin ábhar agus scrúdú a dhéanamh air;

(g) ciallaíonn ‘dul i gcomhairle le fostaithe’ idirphlé a bhunú agus tuairimí a mhalartú idir ionadaithe fostaithe agus an lárbhainistíocht nó aon leibhéal bainistíochta eile a bheadh níos iomchuí.’;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):

‘(b) Toghfار nó ceapfar comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta i gcomhréir le líon na bhfostaithe atá fostaithe i ngach Ballstát ag an ngnóthas ar leibhéal an Chomhphobail nó ag an ngrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail, ar bhealach a fhéachann le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach, trí shuíochán amháin a leithdháileadh i leith gach Ballstáit in aghaidh na codan d’fostaithe atá fostaithe sa Bhallstát céanna sin, arb ionann é agus 10 %, nó codán den chéatadán sin, de líon na bhfostaithe atá fostaithe sna Ballstáit uile i dteannta a chéile.’;

(b) leasaítear mír 6 mar a leanas:

– sa chéad fhomhír, cuirtear na habairtí seo a leanas léi:

‘Áireofar ar na speansais sin costais réasúnta saineolaithe, lena n-áirítear le haghaidh cúnamh dlí, a mhéid is gá chun na críche sin, mar aon le costais réasúnta a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil agus rannpháirtíocht in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha. Cuirfear an lárbhainistíocht ar an eolas faoi na speansais, sula dtabhófar iad.’;

– sa dara fhomhír, scriostar an dara habairt;

(4) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) na feidhmeanna agus an nós imeachta maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas agus dul i dteagmháil léi, mar aon leis na socruithe chun an próiseas chun an Chomhairle Oibreacha Eorpacha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle léi a nascadh leis an bpróiseas chun comhlachtaí náisiúnta ionadaíochta fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, i gcomhréir leis na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus in Airteagal 9;

(d)formáid, ionad, minicíocht, agus fad chruinnithe na Comhairle Oibreacha Eorpacha;’;

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) na hacmhainní airgeadais agus ábhartha atá le leithdháileadh ar an gComhairle Oibreacha Eorpacha, lena n-áirítear ar a laghad i ndáil leis na gnéithe seo a leanas:

- an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe dlí, chun cabhrú leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh;
- ionadaíocht dhlíthiúil agus rannpháirtíocht dhlíthiúil na Comhairle Oibreacha Eorpacha, nó rannpháirtíocht a comhaltaí thar ceann na Comhairle, in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha;
- oiliúint ábhartha a chur ar fáil do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha gan dochar don íoscheanglas in Airteagal 10(4), an chéad fhomhír;’;

An ceanglas maidir leis na heilimintí a liostaítear sa chéad fhomhír a chinneadh, arna leasú le *[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo*]*, beidh feidhm aige freisin maidir le comhaontuithe ó í an Chomhairle Oibreacha Eorpacha a tugadh i gcrích roimh *[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta a leagtar síos sa dara fhomhír d’Airteagal 2 den Treoir leasaitheach seo.]*.

* *[Oifig na bhFoilseachán Cuir isteach tagairt IO don Treoir leasaitheach seo.]*’;

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Déanfaidh an lárbhainistíocht agus an comhlacht speisialta caibidlíochta, agus comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha á chaibidliú nó á athchaibidliú aici nó aige, na socruithe is gá a chomhaontú agus a leagan síos chun cuspóir na cothromaíochta inscne a bhaint amach, a mhéid is féidir, agus gan dochar do na dlíthe náisiúnta maidir le hionadaithe oibrithe a thoghadh, arb é atá i gceist leis an gcuspóir sin go mbeadh an Chomhairle Oibreacha Eorpacha comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus d’fhir mar chomhaltaí, agus i gcás inarb infheidhme, go mbeadh an roghchoiste comhdhéanta de 40 % ar a laghad de mhná agus fir mar chomhaltaí freisin.’;

(5) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

‘— i gcás nach dtionólfar an chéad chruinniú den chomhlacht speisialta caibidlíochta laistigh de 6 mhí tar éis iarraidh air sin de bhun Airteagal 5(1),’;

- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘Airteagal 8

Faisnéis a chur ar fáil faoi rún

1. Maidir le comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, agus aon saineolaí a thugann cúnamh dóibh, déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh an t-údarás acu faisnéis a nochtadh, ar faisnéis í a chuir an lárbhainistíocht ar fáil dóibh go sainráite faoi rún. Ina theannta sin, féadfaidh an lárbhainistíocht socruithe leordhóthanacha a chur ar bun maidir le faisnéis a tharchur agus a stóráil chun cuidiú le rúndacht na faisnéise arna cur ar fáil faoi rún a chosaint.

2. Nuair a chuirfidh an lárbhainistíocht faisnéis ar fáil faoi rún i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sí comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe ar an eolas, faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, faoi na cúiseanna a thugann údar leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil faoi rún.

3. Beidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 fós, cibé áit a bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír 1, fiú tar éis dá dtéarmaí oifige dul in éag, go dtí, i gcomhaontú leis an lárbhainistíocht, go meastar go bhfuil an t-údar sin imithe i léig.’;

- (7) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8 a

Neamh-tharchur faisnéise ar fhórais shonracha

1. I gcásanna sonracha agus faoi na coinníollacha agus na teorainneacha a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit foráil nach bhfuil sé d’oibleagáid ar an lárbhainistíocht atá lonnaithe ar a chríoch faisnéis a tharchur chuig comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó chuig ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, agus chuig aon saineolaí a thugann cúnamh dóibh, i gcás ina ndéanfaidh sé dochar tromchúiseach d’fheidhmiú na ngnóthas lena mbaineann, de réir critéir oibiachtúla.

Féadfaidh Ballstát díolúine den sórt sin a chur faoi réir réamhúdarú riaracháin nó breithiúnach.

2. I gcás nach ndéanann an lárbhainistíocht faisnéis a tharchur ar na fórais dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh sí comhaltaí na gcomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe ar an eolas, faoi chuimsiú nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, faoi na cúiseanna a thugann údar leis gan an fhaisnéis a tharchur.

- (8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 9 agus 10:

‘Airteagal 9

Oibriú na Comhairle Oibreacha Eorpacha agus an nós imeachta chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo

1. Oibreoidh an lárbhainistíocht agus an Chomhairle Oibreacha Eorpacha de mheon an chomhair agus le haird chuí ar a gcearta agus a n-oibleagáidí cómhálartacha.

Beidh feidhm aige sin freisin maidir le comhar idir an lárbhainistíocht agus ionadaithe fostaithe faoi chuimsiú nós imeachta chun oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo.

2. Tabharfar faisnéis faoi chúrsaí trasnáisiúnta ag tráth, ar bhealach, agus leis an ábhar is iomchuí chun é a chur ar a gcumas d'ionadaithe fostaithe grinnmheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus, i gcás inarb iomchuí, ullmhú do chomhairliúcháin le horgán inniúil an ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail.

3. Rachfar i gcomhairle leo an tráth sin, agus ar an mbealach sin, agus leis an ábhar sin ós rud é go gcuireann sé ar a gcumas d'ionadaithe fostaithe tuairim a thabhairt sula nglacfar an cinneadh agus, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 2, gan dochar d'fhreagrachtaí na bainistíochta, agus laistigh de thréimhse réasúnach ama, mar aon le práinn an ábhair á cur san áireamh. Beidh ionadaithe fostaithe i dteideal freagra réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón lárbhainistíocht nó ó ionadaithe ar aon leibhéal bainistíochta a bheadh níos iomchuí sula nglacfar an cinneadh maidir leis na bearta lena mbaineann, ar choinníoll go gcuireann na hionadaithe fostaithe a dtuairim in iúl laistigh de thréimhse réasúnach ama i gcomhréir leis an gcéad abairt.

Airteagal 10

Ról agus cosaint ionadaithe fostaithe

1. Gan dochar d'inniúlacht comhlachtaí nó eagraíochtaí eile i ndáil leis sin, beidh sé de chumas ag na hionadaithe fostaithe, lena n-áirítear comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta agus comhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, na cearta a eascraíonn as an Treoir seo a chur i bhfeidhm, chun ionadaíocht chomhchoiteann a dhéanamh ar leasanna fhostaithe an ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail nó an ghrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail.

2. Gan dochar d'Airteagail 8 agus 8a, beidh an ceart agus na modhanna is gá ag comhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha chun ionadaithe fhostaithe na mbunaíochtaí nó na ngnóthas i ngrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail nó, in éagmais ionadaithe, an lucht saothair ina iomláine, a chur ar an eolas faoi ábhar agus toradh an nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, go háirithe roimh na cruinnithe leis an lárbhainistíocht agus i ndiaidh na gcruinnithe sin.

3. Agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú ag comhaltaí de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta, comhaltaí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha, agus ionadaithe fostaithe a fheidhmíonn a bhfeidhmeanna faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3), beidh cosaint agus ráthaíochtaí acu atá coibhéiseach leis an gcosaint agus na ráthaíochtaí sin d'ionadaithe fostaithe faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoin gcleachtas atá i bhfeidhm ina dtír fostaíochta.

Beidh feidhm aige sin go háirithe maidir le freastal ar chruinnithe de chomhlachtaí speisialta caibidlíochta nó de Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, nó ar aon chruinniú eile faoi chuimsiú an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pá a íoc le haghaidh comhaltaí atá ar fhoireann an ghnóthais ar leibhéal an Chomhphobail nó ar fhoireann an ghrúpa gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail ar feadh na tréimhse neamhláithreachta is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh, mar aon le cosaint ar fhrithbhearta nó ar an dífhostú.

4. A mhéid is gá chun a ndualgais ionadaíocha a fheidhmiú i dtimpeallacht idirnáisiúnta, cuirfear oiliúint, gan tuarastal a chailleadh, ar fáil do chomhaltaí an

chomhlachta speisialta caibidlíochta agus do chomhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha.

Gan dochar do chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 6(2), pointe (f), beidh ar an lárbhainistíocht costais na hoiliúna agus na speansais ghaolmhara sin a íoc, ar choinníoll gur cuireadh an lárbhainistíocht ar an eolas fúthu roimh ré.’;

(9) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2.Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta iomchuí más rud é nach gcomhlíontar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo. Go háirithe, áiritheoidh siad na nithe a leanas:

(a)go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha ar fáil ionas go mbeifear in ann na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú in am trátha agus ar bhealach éifeachtach;

(b)go mbeidh feidhm ag pionóis atá éifeachtach, athchomhairleach, agus comhréireach maidir le cásanna ina sáraítear na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo.

I gcás nach gcomhlíontar na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear na hoibleagáidí faoi Airteagal 9(2) agus (3), déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le smachtbhannaí airgid, a bheidh le cinneadh i bhfianaise na gcritéar a liostaítear sa tríú fomhír den mhír seo, gan dochar don fhéidearthacht foráil a dhéanamh do chineálacha eile smachtbhannaí freisin.

Chun críocha phointe (b), den chéad fhomhír, cuirfidh na Ballstáit san áireamh, agus pionóis á gcinneadh acu, tromchúis, fad, iarmhairtí, agus cineál intinneach nó faillitheach an chiona, agus i ndáil le smachtbhannaí airgid, méid agus staid airgeadais an ghnóthais nó an ghrúpa ar forchuireadh smachtbhannaí air, mar aon le haon chritéar ábhartha eile.’;

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

– Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘3.Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le nósanna imeachta achomhairc riaracháin nó breithiúnacha a fhéadfaidh comhaltaí an chomhlachta speisialta caibidlíochta, comhaltaí na Comhairle Oibreacha Eorpacha, nó ionadaithe fostaithe a thionscnamh nuair a chuireann an lárbhainistíocht faisnéis ar fáil faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 8 nó nuair nach ndéanann sí faisnéis a tharchur ar fhorais shonracha i gcomhréir le hAirteagal 8a.’;

– cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Beidh fad nósanna imeachta den sórt sin i gcomhréir le feidhmiú éifeachtach na gceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo faoin Treoir seo.’;

(c) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

‘4.I gcás ina gcuireann na Ballstáit coinníoll le rochtain a fháil ar imeachtaí dlíthiúla nuair a chuirfear réiteach malartach díospóide chun feidhme roimh ré, ní bheidh cinneadh a bheidh ina cheangal ar na páirtithe lena mbaineann mar

thoradh ar an nós imeachta sin, ná ní dhéanfaidh sé dochar ar aon bhealach eile dá gceart imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.’;

- (10) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6.Féadfaidh gach Ballstát forálacha ar leith a leagan síos don lárbhainistíocht sna gnóthais ina chríoch a shaothraíonn go díreach agus go bunúsach aidhm na treoraíochta idé-eolaíochta maidir le faisnéis agus tuairimí a chur in iúl, ar choinníoll go bhfuil na forálacha áirithe sin le fáil sa reachtaíocht náisiúnta cheana, ar an dáta a ghlacfar an Treoir seo.’;

- (11) Scriostar Airteagal 14;

- (12) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 14a

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a tugadh i gcrích roimh [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta óna mbeidh feidhm ag na forálacha trasuite, a leagtar amach in Airteagal 2(1), an dara fomhír den Treoir leasaitheach seo*], i gcás, i ndiaidh thrasuí [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo*], i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Threoir 94/45/CE nó le hAirteagail 5 agus 6 den Treoir sin, nach bhfuil sé i gcomhréir le haon cheann de na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcomhaontú sin mar thoradh ar na leasuithe dá bhforáiltear in [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt don Treoir leasaitheach seo*], cuirfidh an lárbhainistíocht tús le caibidlíocht chun an comhaontú sin a oiriúnú, arna iarraidh sin, i scríbhinn do 100 fostaí ar a laghad, nó dá n-ionadaithe in dhá ghnóthas nó in dhá bhunaíocht ar a laghad, in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad. Ina theannta sin, féadfaidh an lárbhainistíocht caibidlíocht den sórt sin a thionscnamh ar a thionscnamh féin.

2. Maidir le comhaontú ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha nó comhaontú maidir le nós imeachta chun fostaithe a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo, i gcás ina bhfuil socrúithe nós imeachta ann chun é a oiriúnú nó a athchaibidliú, d’fhéadfaí an t-oiriúnú a chaibidliú de bhun na socrúithe sin. Seachas sin, déanfar an t-oiriúnú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhar leis an dara mír agus leis an tríú mír d’Airteagal 13.

3. I gcás nach mbeidh comhaontú ann mar thoradh ar nós imeachta oiriúnaithe laistigh de 2 bhliain ó dháta na hiarrata faoi seach ó fhostaithe nó ó ionadaithe na bhfostaithe, beidh feidhm ag na ceanglais choimhdeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.’;

- (13) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Beidh na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta dhá bhliain ón dáta a leagtar amach sa chéad fhomhír].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Maidir leis na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 1, pointe 8, den Treoir sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta sa chéad fhomhír de mhír 1] de na modhanna trínar féidir leis na Comhairlí Oibreacha Eorpacha, na comhlachtaí speisialta caibidlíochta, agus ionadaithe fostaithe, i gcomhréir le hAirteagal 11(2), (3) agus (4) de Threoir 2009/38/CE, arna leasú, imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh, agus i gcás inarb infheidhme, imeachtaí riaracháin, maidir leis na cearta uile faoin Treoir sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán